Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9895/19**

| | |
|---|---|
| **CADREFIN 261** | **RECH 287** |
| **FSTR 73** | **JAI 606** |
| **POLGEN 110** | **ENER 287** |
| **REGIO 108** | **MI 499** |
| **FC 44** | **MAR 119** |
| **ECOFIN 541** | **COMPET 445** |
| **ENV 526** | **AGRI 284** |
| **TRANS 370** | **SUSTDEV 92** |
| **PECHE 270** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9101/19 + COR 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 21 final - doc. 5927/19 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ag cruinniú dá cuid ar an 21 Bealtaine 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

**(1)** MEABHRAÍONN SÍ

a) na conclúidí uaithi lenar bunaíodh ceithre straitéis mhacrairéigiúnacha reatha an Aontais, eadhon Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR) ó 2009, Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe (EUSDR) ó 2011, Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) ó 2014 agus Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp ó 2015[1], chomh maith leis na conclúidí uaithi ar an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an mbreisluach atá ar straitéisí macrairéigiúnacha[2], agus ar an 21 Deireadh Fómhair 2014 maidir le rialachas na straitéisí macrairéigiúnacha[3];

b) an rún atá ag an gCoimisiún tuarascáil aonair a dhréachtú gach dhá bhliain, ag tosú ag deireadh 2016, ina ndéanfar cur síos ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na straitéisí macrairéigiúnacha go léir;

c) na Conclúidí ón gComhairle ar an 25 Aibreán 2017 maidir leis an gcéad tuarascáil ón gCoimisiún i ndáil le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme an 16 Nollaig 2016[4];

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt (13744/09), Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe (8388/11 + ADD 1 REV 1), Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (13503/14) agus Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp (14613/15).

[2] 14926/13 + ADD 1

[3] 16207/14

[4] 8461/17

**(2)** IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thíolaic an Coimisiún an dara tuarascáil maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais ón 29 Eanáir 2019;

**(3)** AITHNÍONN SÍ an ról a bhíonn ag na macrairéigiúin maidir leis an gcomhtháthú socheacnamaíoch agus críochach, mar aon leis an gcomhar réigiúnach a chothú lena n-áirítear trí theagmhálacha duine le duine;

**(4)** AITHNÍONN SÍ go bhfuil an tuarascáil bunaithe ar shamplaí a léiríonn an méid atá bainte amach agus go ndírítear ar thorthaí nithiúla, ar na dúshláin agus ar an mbealach chun cinn;

**(5)** AITHNÍONN SÍ an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn a rinneadh le dhá bhliain anuas, a dtarraingítear aird air sa tuarascáil, ag cur san áireamh céimeanna éagsúla aibíochta gach straitéise agus infhaighteacht éagsúil táirgí insoláthartha agus sonraí, ó thaobh na nithe seo a leanas:

a) cur le feasacht níos fearr ag tíortha agus réigiúin rannpháirteacha maidir leis an leas a ghabhann le díriú ar réimsí feidhme agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin choiteanna;

b) tionscadail nithiúla a chur chun feidhme arb é is aidhm leo an cháilíocht saoil a fheabhsú;

c) iarracht a dhéanamh an caidreamh idir na tíortha rannpháirteacha agus idir tíortha an Aontais agus tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a neartú, tráth a bhfuil méadú ag teacht ar an ngá atá le muinín idir tíortha agus daoine a dhoimhniú;

d) uirlisí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar na straitéisí macrairéigiúnacha mar a d'iarr an Chomhairle;

**(6)** TUGANN SÍ FAOI DEARA an gá atá le:

a) an dlús polaitiúil a athspreagadh chun tacú le straitéisí macrairéigiúnacha lena n-áirítear trí chruinnithe ardleibhéil agus trí rialachas agus rannpháirtíocht il-leibhéil agus ilpháirtithe leasmhara;

b) rannpháirtíocht, tiomantas agus úinéireacht páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a mhéadú, mar chuid de chur chuige ón mbun aníos lena dtugtar feasacht níos mó ar an Aontas agus braistint ionchuimsitheachta san Aontas;

c) dul chun cinn a dhéanamh leis na gníomhaíochtaí cumarsáide amhail straitéisí cumarsáide a fhorbairt agus imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú;

**(7)** MEASANN SÍ gur cheart cur chun feidhme na straitéisí macrairéigiúnacha a bheith spriocdhírithe agus bunaithe ar thorthaí agus breisluach soiléir Eorpach a bheith leo agus torthaí sainithe acu, agus gur cheart cleachtaí faireacháin agus athbhreithniúcháin rialta a áirithiú le tacaíocht ó uirlisí éagsúla agus ón gCoimisiún; MEABHRAÍTEAR DI an gá atá le sonraí iontaofa agus inchomparáide i ndáil le straitéisí macrairéigiúnacha a chur chun feidhme; AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta ag na tíortha rannpháirteacha agus ag an gCoimisiún agus MOLANN SÍ go leanfar den obair sin ar fhaireachán agus ar mheastóireacht le haghaidh measúnú níos láidre, bunaithe ar fhianaise, ar thorthaí straitéisí macrairéigiúnacha;

**(8)** IARRANN SÍ go mbainfí an úsáid is fearr is féidir as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, go mbainfí úsáid níos fearr as institiúidí atá ann cheana agus go gcuirfí an reachtaíocht atá ann cheana i bhfeidhm ar bhealach níos fearr bunaithe ar an bprionsabal nach mbeidh reachtaíocht nua Aontais, nach mbeidh institiúidí nua ag an Aontas, agus nach mbeidh cistí nua ón Aontas agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na dúshláin atá roimh na tíortha rannpháirteacha maidir le rialachas comhordaithe na straitéisí macrairéigiúnacha;

**(9)** TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tuarascáil agus na moltaí ón gCoimisiún agus, sa chomhthéacs sin, déanann sí an méid seo a leanas:

a) IARRANN SÍ ar na tíortha rannpháirteacha úinéireacht a neartú, tacaíocht iomchuí pholaitiúil ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú, agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha á gcothú acu ag an am céanna;

b) IARRANN SÍ ar na tíortha agus ar na réigiúin rannpháirteacha príomhfheidhmeoirí a chumhachtú, amhail comhordaitheoirí náisiúnta, comhordaitheoirí réimsí tosaíochta agus beartais, ceannairí gníomhaíochta cothrománaí, ceannairí grúpaí, comhaltaí grúpaí stiúrtha agus gníomhaíochta, agus pointí fócasacha na n-aireachtaí líne, agus a áirithiú, trí fhoireann leordhóthanach a chur ar fáil agus tacaíocht pholaitiúil a fheabhsú, go gcomhlíonfar a gcúram agus go nglacfaidh siad rannpháirt ghníomhach ina ngrúpaí;

c) IARRANN SÍ ar na gníomhaithe atá bainteach le bainistíocht na straitéisí comhoibriú, foghlaim óna chéile agus dea-chleachtais a mhalartú, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú le comhroinnt agus aistriú na gcleachtas sin, agus an chomhroinnt agus an t-aistriú sin a eagrú, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le líonraí agus cláir;

d) CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le comhar feabhsaithe idir réimsí beartais/tosaíochta laistigh de na straitéisí, trí úsáid a bhaint, mar shampla, as braislí limistéar nó comhchoistí stiúrtha;

e) IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair leanúnach atá ar siúl maidir le pleananna gníomhaíochta EUSBSR agus EUSDR a athbhreithniú d'fhonn breisluach soiléir a sholáthar agus cur in iúl níos fearr idir a dtosaíochtaí beartais agus foinsí cistiúcháin atá ann cheana, ag cur san áireamh ag an am céanna, i gcás inarb ábhartha, amlínte sonracha na bpróiseas éagsúil lena mbaineann;

f) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint d'úsáid a bhaint as straitéisí macraiféigiúnacha mar chreat straitéiseach lena gcuirfear chun cinn cur chun feidhme níos comhleanúnaí agus níos sineirgí bheartas, chláir agus chistí an Aontais, amhail: beartas comhtháthaithe, beartas forbartha tuaithe, beartas réamhaontachais, beartas comharsanachta agus beartais earnálacha eile de chuid an Aontais, chomh maith le cláir agus cistí náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear cistí príobháideacha, agus tionscadail chomhpháirteacha a chur chun feidhme a mbeidh tionchar suntasach macrairéigiúnach leo agus torthaí nithiúla orthu;

**(10)** IARRANN SÍ ar na tíortha agus ar na réigiúin rannpháirteacha tosaíochtaí na straitéisí macrairéigiúnacha a chur san áireamh i gclársceidealú agus cur chun feidhme clár ábhartha tar éis 2020 faoi bhainistíocht chomhroinnte agus cláir ábhartha IPA agus NDICI, gan dochar don chaibidlíocht maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus do phacáistí reachtacha, agus prionsabal na coimhdeachta agus na comhpháirtíochta á urramú. Sa chomhthéacs sin:

a) IARRANN SÍ ar phríomhfheidhmeoirí na straitéise agus ar údaráis na gclár sna tíortha atá rannpháirteach i ngach straitéis comhar agus comhordú níos fearr a bheith eatarthu d'fhonn tosaíochtaí agus bearta leasa choitinn a aithint a bhféadfaí tacú leo le cláir agus cistí de chuid an Aontais ar fud an mhacrairéigiúin agus an t-ailíniú idir doiciméid ábhartha chlársceidealaithe tar éis 2020 agus an straitéis nó na straitéisí ábhartha macrairéigiúnacha a chur chun cinn le linn phróiseas caibidlíochta na gclár, san idirphlé idir na tíortha rannpháirteacha agus an Coimisiún;

b) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé comhordú dlúth a bheith ann i measc na gclár lena dtacaítear le tosaíochtaí na straitéisí macrairéigiúnacha d'fhonn cur chun feidhme spriocdhírithe a bheith ar fud an mhacrairéigiúin.

**(11)** MOLANN SÍ do phríomhfheidhmeoirí na straitéisí macrairéigiúnacha úsáid níos fearr a bhaint as na cláir a bhainistíonn an Coimisiún go díreach agus go hindíreach. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí agus ionracas na gclár seo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, na bearta nithiúla chun sineirgí agus comhlántachtaí a neartú idir na cláir atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach an Aontais tar éis 2020 agus na straitéisí macrairéigiúnacha a aithint;

b) an t-ailíniú idir na cláir atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach an Aontais tar éis 2020 agus na straitéisí macrairéigiúnacha a fheabhsú a thuilleadh agus tacaíocht a thabhairt dó;

c) i ndlúthchomhar le príomhfheidhmeoirí na straitéisí, breithniú ar rannpháirtíocht na straitéisí macrairéigiúnacha sna cláir atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach an Aontais;

**(12)** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na tíortha agus ar na réigiúin rannpháirteacha leas a bhaint as na naisc idir straitéisí agus braislí cliste speisialaithe chun na héiceachórais agus beartais thionsclaíocha agus nuálaíochta a nascadh níos fearr laistigh de na straitéisí macrairéigiúnacha agus na comhlántachtaí le straitéisí imchuach farraige a iniúchadh agus a fhorbairt a thuilleadh;

**(13)** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá ról ceannaireachta maidir le comhordú na straitéisí macrairéigiúnacha agus rannpháirtíocht na seirbhísí ábhartha a fheabhsú a thuilleadh;

**(14)** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí ó mheastóireachtaí agus ó thuarascálacha na gcistí agus na gclár ábhartha a chur san áireamh le haghaidh tuilleadh oibre ar straitéisí macrairéigiúnacha agus chun iad a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh;

**(15)** CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról na straitéisí macrairéigiúnacha maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe ann, agus trí éagothromaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus críochacha a laghdú ar leibhéal an Aontais;

**(16)** AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rannpháirtíocht tíortha comharsanachta nach bhfuil san Aontas. Sa chomhthéacs seo, TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR le Poblacht na Macadóine Thuaidh a áireamh in EUSAIR[5];

**(17)** TÁ SÍ FÓS SÁSTA scrúdú a dhéanamh ar aon tionscnamh aibí ó na Ballstáit a bhfuil na dúshláin chéanna rompu i limistéar geografach sainithe, ar tionscnamh é a chomhaontaítear go coiteann agus atá dírithe ar straitéis mhacrairéigiúnach nua a chur ar bun;

**(18)** TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an gcéad tuarascáil eile ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais faoi dheireadh 2020.

---

[5] 7793/19